Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14722/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0330(NLE)**

**TRANS 705**
**COWEB 159**
**ELARG 101**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13698/22 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 537 final |
| Ábhar: | CINNEADH ón gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar rialacha riaracháin agus foirne agus a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach liúntais oideachais agus rialacha maidir le hiasacht agus saineolaithe ar conradh áitiúil<br>– Glacadh |

1. An 21 Deireadh Fómhair 2022, mhol an Coimisiún Eorpach dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair (AE-na Balcáin Thiar), arb é is aidhm dó rialacha nua i réimse na n-acmhainní daonna.

2. Baineann na hathruithe atá beartaithe le bunrialacha maidir le teilea-obair a dheonú ar bhonn eisceachtúil, le liúntas oideachais a thabhairt isteach d'fhoireann na Buanrúnaíochta, agus le rialacha maidir le saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus maidir le seirbhís saineolaithe ar conradh áitiúil a úsáid.

3. Phléigh an Mheitheal um Iompar - Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an togra an 28 Deireadh Fómhair 2022. Thagair ionadaí an Choimisiúin do phléití roimhe seo maidir leis an ngá atá le liúntas oideachais a bhunú d'fhoireann an Chomhphobail Iompair. Bhí sé sin tábhachtach chun go mbeadh an Bhuanrúnaíocht mar ionad oibre tarraingteach d'fhir agus do mhná ón réigiún agus ó Bhallstáit an Aontais araon.

Rinneadh an tionchar airgeadais a mheas cheana féin sa bhuiséad do 2023. Maidir leis na rialacha iasachta, ba cheart go gcuideodh na rialacha sin le hacmhainneacht riaracháin a fhorbairt. Ba cheart go gcuideodh na rialacha maidir le saineolaithe atá ar conradh go háitiúil le hacmhainní a shainaithint i gcás riachtanais shonracha tacaíochta. Ar deireadh, bhí easpa rialacha maidir leis an teilea-obair le feiceáil le linn ghéarchéim Covid-19. Maidir le ceist ó thoscaireacht i ndáil le leibhéil an liúntais oideachais agus liúntas cothaithe laethúil na saineolaithe ar iasacht a ríomh, chuir an Coimisiún faisnéis ar fáil i scríbhinn. Ag an gcruinniú an 8 Samhain 2022, chinn an Uachtaránacht gur cuireadh an scrúdú ar an leibhéal teicniúil i gcrích. Tá sé beartaithe na rialacha nua a ghlacadh ag an gcruinniú den Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bheidh ann an 15 Nollaig 2022.

4. I bhfianaise an méid sin, moltar, faoi réir fhormhuiniú Choiste na mBuanionadaithe, go ndéanfadh an Chomhairle cinneadh maidir le seasamh an Aontais mar a leagtar amach in 14460/22 + ADD 1 é, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh.

5. Ach a nglacfar é, foilseofar an cinneadh san Iris Oifigiúil agus cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi.